# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# SPÁINNIS

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2013**

## (Iomlán na Marcanna: 300)

| **GRÁDÚ** | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N. B. Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**1. Anuncio –Una nueva aplicación para tu móvil**

**2 + (2 + 2) + (2+2) + 2 mharc = 12 mharc**

a. Peitreal a spáráil **(2 mharc)**

b. **Dhá** cheann díobh seo: na stáisiúin pheitril is gaire dóibh a aimsiú/
praghsanna a chur i gcomparáid/
rogha na stáisiún peitril a shonrú. **(2+2 mharc)**

c. **Dhá** cheann díobh seo: (Trí roghnú a dhéanamh ar) bhranda an stáisiúin pheitril/
cineál peitril/ an fad is mó ba mhaith linn/ is féidir linn taisteal. **(2+2 mharc)**

d. Tá sí saor in aisce le híoslódáil. **(2 mharc)**

**2. Diálogo – Hablando con una jugadora profesional de hockey**

**2 + 2 + (2+2) + 2 mharc = 10 marc**

a. (Roghnaíodh í mar) an t-imreoir (mná) is fearr ar domhan. **(2 mharc)**

b. Bhuaigh siad boinn airgid, tar éis cailleadh in aghaidh na hOllainne **(2 mharc)**

c. **Dhá** cheann díobh seo: a scíth a ligean/
a lán rudaí nárbh fhéidir léi a dhéanamh roimhe seo a dhéanamh/
taisteal **(2+2 mharc)**

d. Le dul ag pósadh agus le bheith ina máthair **(2 mharc)**

**3. Diálogo – Entrevista con José María, estudiante de erasmus**

**(1+1) + (1+1+1) + (1+1+1) + (2+2) mharc = 12 mharc**

a. Tugann sé an deis dóibh staidéar a dhéanamh lasmuigh dá dtír féin (le cúnamh deontais) **(1+1 mharc)**

b. **Trí** cinn díobh seo: Chuir sé aithne ar dhaoine ó thíortha eile/ Thaistil sé sa cheantar/
Fuair sé eolas ar chultúir eile/ Thaitin sé go mór leis. **(1+1+1 mharc)**

c. Árasán a chomhroinnt / an tsiopadóireacht a dhéanamh / airgead a bhainistiú **(1+1+1 mharc)**

d. **Dhá** cheann díobh seo: Níos tuisceanaí/saibhrithe mar dhuine/
chabhraigh sé leis eolas a fháil ar an rud ba mhaith leis
a dhéanamh sa todhchaí. **(2+2 mharc)**

**4. Descriptivo – La protección contra el sol**

**3+ (2 + 2) + 2 + 2 mharc = 11 mharc**

a. (Méadaíonn sé an baol go mbeidh) ailse chraicinn ort mar dhuine fásta. **(3 mharc)**

b. (barr do chos) do chosa a chosaint/
(boinn do chos) do chosa a chosaint ar an ngaineamh te. **(2+2 mharc)**

c. Chun do radharc/ do shúile a chosaint (ar dhamáiste ó ghathanna na gréine). **(2 mharc)**

d. Hata leathan (cumtha) a chosnaíonn (ní hamháin an aghaidh ach) an muineál (freisin). **(2 mharc)**

**5. Descriptivo – LOS REYES DE LA PAELLA**

**2 + (2 + 2) + 2 + (2 + 1+ 1 ) mharc = 12 mharc**

a. Eagraíocht a chócarálann rís / paella **(2 mharc)**

b. (i) Sna 70idí / níos mó ná 30 bliain ó shin
(ii) (D'iarr scoileanna sa phroibhinse orthu) paella mór a dhéanamh do chóisir dheireadh na bliana. **(2+2 mharc)**

c. Ba ghnách gur do 80 duine é ach anois is do 1200 duine é. **(2 mharc)**

d. Foighne, / cuid mhór grá, / comhábhair mhaithe **(2+1+1 mharc)**

**6. El tiempo**

**(2 + 1+ 1) + 2 + 2 + (2+1 ) mharc = 11 mharc**

a. Eatraimh scamallacha, ceobhrán agus ceo **(2+1+1 mharc)**

b. Ceathanna agus stoirmeacha **(2 mharc)**

c. Láidir anoir **(2 mharc)**

d. Teochtaí ag ardú, tar éis meán lae. **(2+1 mharc)**

**7. Una Noticia – DESTINO ESPAÑA**

**(1+1+1) + (2 + 2) + (2+1) + 2 mharc = 12 mharc**

a. Bia/ spraoi/ fáilte. **(1+1+1 mharc)**

b. **Dhá** cheann díobh seo: D'ullmhaigh Turespaña iad/taispeánann siad na gnéithe is fearr den tír/dáilfear iad i níos mó ná 40 tír. **(2+2 mharc)**

c. Ambasadóirí gan ainm a dhéanamh díobh, / an tír a chur chun cinn
Taistealaithe eile a spreagadh **(2+1 mharc)**

d. Is féidir leat do thaithí ar an Spáinn a chomhroinnt trí ghrianghraif, trí fhíseáin agus trí theachtaireachtaí a chur air. **(2 mharc)**

**12 + 10 + 12 + 11 + 12 + 11 + 12 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht dualgais – *La aventura de Saíd* (50 marc)**

**C. 1 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *optó por no decir nada (más)* **(3 mharc)**
(b) *a menudo* **(3 mharc)**
(c) *en efecto/ precisamente* **(3 mharc)**

**C. 2 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) ...d'éirigh sé níos gránna de réir a chéile... **(3 mharc)**
(b) …ní raibh airgead fágtha. **(3 mharc)**
(c) ...Ghoill focail gharbha Hussein air. **(3 mharc)**

**C. 3 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon 3** cinn díobh seo: **(4+3+3 mharc)**

D'éirigh Mahmut níos gránna de réir a chéile/
Ba é an t-aon dóigh le hachrainn a sheachaint ná gan dul ina aghaidh/
Ní dheachaigh lá thart nach raibh achrann eatarthu faoi rud amháin nó rud eile/
Chaith Mahmut leis fós mar an buachaill óg a thosaigh ag obair ann cúig bliana ó shin/
Shíl Mahmut gurbh fhéidir leis íde béil a thabhairt dó faoi mar a bheadh leanbh ann/
D'éirigh sé níos deacra de réir a chéile do Saíd srian a chur lena theanga chun stad a chur leis féin a rá leis (le Mahmut) dul i dtigh an diabhal/ Cailleach a bhí ina bhean chéile/
Bhí sí iontach mímhuiníneach/ Ba ghnách léi comhaireamh agus athchomhaireamh a dhéanamh ar an airgead a thugadh Saíd di tar éis dó a bheith amuigh ag seachadadh an aráin/ Má bhí aon airgead ar iarraidh, chaith siad leis faoi mar a bhí gadaí ann.

**C. 4 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon 3** cinn díobh seo: **(4+3+3 mharc)**

Chun obair a lorg/ Bhí sé leamh den anó/An t-aon bhealach amach as (an anó) ba ea dul thar lear /Bhí Boutahar ag obair in Marseille agus ag cur airgid abhaile/ Bhí ag éirí níos fearr le gach duine thar lear ná ansin/ Níor thug Xauen faic dó agus ní raibh faic dlite aige dó/ Ní raibh aon phost ann (in Xauen) ar mhaith leis é.

**C. 5 3+3+3+3 = 12 mharc** le haghaidh aon cheithre phointe ábhartha **nach** dtugtar sa sliocht..

**1. (b) Téacs iriseoireachta. (50 marc)**

**VUELTA AL COLE CON MOCHILA DIGITAL**

**C. 1 4 mharc × 5 = 20 marc**

(a) Mar gurbh fhearr leo a gcuid acmhainní / airgid a infheistiú i riachtanais eile. **(4 mharc)**

(b) **Dhá** cheann díobh seo: **-** Nótaí a ghlacadh (ach le hoiriúintí ilmheán)
- amchlár a chomhordú,
- Aláram, chun bheith mall a sheachaint. **(2+2 mharc)**
[ aláram =1]

(c) **Dhá** cheann díobh seo: - Tá (samhlacha) 3T aige,
- is féidir leis téacsanna a aibhsiú,
- is féidir nótaí a chur leis,
- is féidir nótaí a chomhroinnt le daltaí eile. **(2+2 mharc)**

(d) Thug sí aghaidh ar an dúshlán/ chun an meáchan i málaí scoile a laghdú. **(4 mharc)**

(e) Tuairteálann sé nuair a nascann trí rang nó ceithre rang leis an Idirlíon. **(4 mharc)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *Es poco probable* **(4 mharc)**
(b) *herramienta obligatoria / aparato estrella* **(4 mharc)**
(c) *pueden encontrar* **(4 mharc)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) ...roghnaigh siad / chinn siad dul san fhiontar... **(4 mharc)**
(b) ...agus sa bhaile is féidir leo tosú arís ón áit ar chríochnaigh siad **(4 mharc)**
(c) ...má rinne duine a (h)obair baile ina (h)aonar nó má bhí sé/sí ag caimiléireacht. **(4 mharc)**

**C.4 (6 mharc)**
[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh as an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b) (2 + 2) + (2 + 2) + (2 + 2) + (2 +2) + 2 + 2 = 20**

**(a) Aumentan los desplazamientos en bicicleta**

(i) Gan an oiread céanna bia a chur amú agus tuilleadh athchúrsála a dhéanamh. **(2+2 mharc)**

(ii) An smaoineamh gur do chách iad na rothair agus gur féidir iad a úsáid sa saol laethúil. **(2+2 mharc)**

(iii) **Dhá cheann** díobh seo: Ní mór do rothaithe an lána rothar a úsáid/ Mura bhfuil aon lána rothar ann/ téigh ar an mbóthar, ag géilleadh do na rialacha do charranna/ (Agus rothair á bpáirceáil) ní féidir iad a ghlasáil de chrainn/ soilse tráchta/ binsí ná boscaí bruscair. **(2+2 mharc)**

**(b) Multados por jugar al fútbol**

(i) Chuaigh na póilíní chun cainte le grúpa (ógánach sa pháirc) chun íde béil a thabhairt dóibh as (cluiche) peile a reáchtáil. **(2+2 mharc)**

(ii) Chun a chur in iúl dóibh go raibh orthu fíneáil €150 (an duine) a íoc. **(2 mharc)**

(iii) **Ceann** díobh seo:
- Bhí siad feargach
- chuir siad i leith na comhairle go raibh siad á n-úsáid aici mar cheap milleáin
- ceapann siad go bhfuil sé níos fearr a bheith amuigh faoin spéir ná an lá a chaitheamh os comhair an teilifíseáin. **(2 mharc)**

**ROINN B**

**LA ADICCIÓN AL TRABAJO, ¿PROBLEMA O VIRTUD?** **(100 marc)**

**C. 1 3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a) *en realidad* **(3 mharc)**
(b) *(grupos que son) sujetos de mayor riesgo* **(3 mharc)**
(c) *huida del hogar* **(3 mharc)**
(d) *favorecen el desarrollo* **(3 mharc)**
(e) *se quede en su puesto* **(3 mharc)**

**C. 2 5 mharc × 3 = 15 mharc**
(a) ....ceann de thinnis na haoise seo, atá comhcheangailte le rath ag an obair. **(5 mharc)**
(b) ...ní féidir le cuid mhór daoine iad féin a dhícheangal ón obair... **(5 mharc)**
(c) ...ar shlí eile, is saol dromchlach do dhuine é. **(5 mharc)**

**C. 3 1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *calmantes* **(1 mharc)**
(b) *ve* **(1 mharc)**
(c) *responsabilidades* **(1 mharc)**
(d) *amplién* **(1 mharc)**
(e) *compañías* **(1 mharc)**

**C. 4 (2 + 2 mharc) + (2 + 2 + 1 mharc) + (2 + 2 + 2 mharc) = 15 mharc**

(a) **Dhá** cheann díobh seo:
- níl daoine eolach ar a n-andúil
- is féidir a mheas go bhfuil sé freagrach a bheith ag obair go dhícheallach
- folaítear é corruair [1] má úsáidtear spreagthaigh/ támhacháin
- is féidir cógas (dleathach agus neamhdhleathach) a úsáid freisin chun fanacht gníomhach/
- meastar gur rud dearfach é tiomantas don obair/
- is féidir le tiomantas don obair a bheith comhcheangailte le rath ag an obair/
- (sa chás nach bhfuil aon lá oibre sainithe ann) tá sé furasta andúil a thógáil in ábhraíocht táirgiúlachta. **(2+2 mharc)**

(b) **Trí** cinn díobh seo:

- ní féidir le daoine éalú óna nguth//áin, iPadanna, ríomhphoist agus líonraí sóisialta/
- níl daoine eolach ar a n-andúil/ [níl sé inghlactha in (a) agus (b) araon]
- chuir teicneolaíocht nua leis an bhfadhb seo/
- bíonn daoine ar fáil i gcónaí/
- tugann daoine ríomhairí glúine ar saoire leo (le gur féidir leo coinneáil i dteagmháil leis an oifig)/
- tugann daoine obair abhaile leo
- seiceálann daoine ríomhphoist sa bhaile
- tá an lá oibre níos faide
- usáideann siad an t-am a d'úsáid siad cheana chun scíth a ligean nó chun bheith léamh le bheith ag obair. **(2+2+1 mharc)**

(c) **Trí** cinn díobh seo:

- Téann sí i bhfeidhm orthu go diúltach/
- déanann sí dochar don chaidreamh idir 'andúileach' agus teaghlach/
- cronaíonn daoine muinteartha láithreacht an 'andúiligh'/
- méadaíonn doicheall
- éiríonn an 't-andúileach' níos eascairdiúla (fós) ón teaghlach/
- ní bhaineann 'andúileach' leas as saoirí chun taitneamh a bhaint as am leis an teaghlach, tugann sé ríomhaire glúine leis
- seachnaíonn an t-oibrí aire a thabhairt don teaghlach. **(2+2+2 mharc)**

**Roinn B: Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le marcáil C. 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Stór focal measartha maith – leordhóthanach agus cuí ar an iomlán<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe/gramadaí | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh stór focal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair ar aird:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

## ROINN C

**ROINN C**
***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1: Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a) COMHRÁ A CHUMADH 30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh **6** mharc an ceann ar a mhéad. **(5 x 6 mharc = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b) LITIR / R-PHOST 30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh **6** mharc an ceann ar a mhéad.
***[Tabhair ar aird gur chóir gach pointe a fhorbairt agus a leathnú.***
*Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.*
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe a dhéanamh ar fad.*
*Treoirlínte mar atá do Cheist 1 (a).]* **(5 x 6 mharc = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar)**

| | |
|---|---|
| 6 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal. Na briathra ceart |
| 4 - 5 mharc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| 2 - 3 mharc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| 1 mharc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
**(4 x 5 mharc = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 Marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5 mharc = 20 marc)**

Tabhair ar aird: In C. 2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a dhéanamh de **mhion-dearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór do na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den táirgeadh scríbhneoireachta ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir / R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir / r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

**Ba chóir gach pointe a leathnú agus a fhorbairt.** Chun marcanna iomlána a fháil, ní mór do na hiarrthóirí dhá nó trí abairt a scríobh maidir le gach pointe.

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin ó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le Litríocht Dualgais C.1(a), 1;
agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós mar gheall ar **litriú** ná ar ghnéithe **gramadaí**.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh orthu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

Leathanach Bán

Leathanach Bán